An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

Dícheall Cuí ar iontaobhaithe carthanais ionchasacha

Séanadh Dlíthiúil

Tá an doiciméad seo á eisiúint ag an Rialálaí Carthanas faoi alt 14(1)(i) den Acht Carthanas 2009 ar mhaithe le feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú. Níl an doiciméad seo ina ráiteas críochnúil, agus níl sé deartha chun a bheith ina ráiteas críochnúil, ar an dlí. Ní thugtar aon chomhairle dlí ann ach oiread. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle ghairmiúil ó fhoinse atá cáilithe go cuí. Molann an Rialálaí Carthanas d'iontaobhaithe carthanais a ndoiciméad rialaithe a léamh agus a gcomhairle dlí neamhspleách féin a fháil nuair is gá. Ní ghlacann an Rialálaí Carthanas le freagracht ná dliteanas ar bith as aon earráidí, mhíchruinneas nó easnaimh sa doiciméad seo.

Dícheall Cuí ar iontaobhaithe carthanais ionchasacha

Réamhrá

Tá sé tábhachtach go ndéanfadh an bord ar charthanas dícheall cuí ar iontaobhaí carthanais ionchasach chun a chinntiú go dtuigeann an duine aonair an ról a bheidh i gceist, go bhfuil sé/sí in ann na dualgais a chur i gcrích agus go bhfuil sé/sí oiriúnach do ghníomhú mar iontaobhaí carthanais. Is féidir go mbeidh na nithe seo a leanas i gceist le dícheall cuí a dhéanamh ar iontaobhaí carthanais ionchasach:

- Teistiméireachtaí a sheiceáil;
- Coinbhleachtaí leasa nó dílseachta a bhreithniú;
- Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána;
- Srianta dlíthiúla a bhreithniú.

Teistiméireachtaí a sheiceáil

Tá sé riachtanach go dtógfaí teistiméireachtaí chun scileanna, taithí agus cáilíochtaí an iarrthóra fhéideartha a fhíorú. Is féidir go mbreithneoidh an bord iontaobhaithe carthanais na nithe seo a leanas:

- An bhfuil aithne ag an mbord reatha iontaobhaithe carthanais nó ag an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin ar an iarrthóir?
- Cé na seiceálacha teistiméireachta is féidir leis an mbord iontaobhaithe carthanais a dhéanamh maidir leis an iarrthóir féideartha?

Coinbhleachtaí leasa nó dílseachta a bhreithniú

Is é is coinbhleacht leasa ann aon chás ina bhféadfadh leasanna pearsanta nó dílseacht phearsanta aon iontaobhaí carthanais cosc a chur ar an iontaobhaí cinneadh a dhéanamh le barr leasa an charthanais nó aon chás ina bhféadfaí a mheas go gcuireann na leasanna nó an dílseacht sin cosc ar an iontaobhaí cinneadh a dhéanamh le barr leasa an charthanais. D'fhéadfadh an leas pearsanta sin bheith díreach nó indíreach agus is féidir duine atá bainteach leis an iontaobhaí carthanais a bheith i gceist leis.

Le linn don bhord ar charthanas breithniú a dhéanamh ar a oiriúnaí atá iontaobhaí carthanais ionchasach, ba cheart dó a chinntiú go dtuigeann an t-iarrthóir cad is brí le coinbhleachtaí leasa nó dílseachta agus go ndearbhaíonn sé/sí aon choinbhleachtaí leasa féideartha sula gceapfar é/í chuig an mbord.

Is féidir le coinbhleachtaí leasa teacht chun cinn ó am go chéile laistigh de charthanais agus is féidir iontaobhaí carthanais atá dea-cháilithe ar gach slí eile a cheapadh go fóill fiú amháin i gcás go mbeidh an fhéidearthacht ann go dtiocfadh coinbhleachtaí leasa chun cinn. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go sainaithneofaí na coinbhleachtaí leasa lena mbaineann agus go ndéanfaí deimhin de go mbainistítear go cuí iad.

Más dóigh go dtiocfaidh coinbhleachtaí den sórt sin chun cinn go minic, áfach, beidh seans ann go rachfar i bhfeidhm ar chumas an iontaobhaí carthanais na dualgais atá air/uirthi a chur i gcrích. Baineann tábhacht ar leith leis sin i gcásanna inarb amhlaidh, mar gheall ar a shuntasaí atá na leasanna pearsanta lena mbaineann, gur gá don iontaobhaí carthanais tarraingt siar ó chruinnithe nó ó phróisis chinnteoireachta chomh minic sin nach féidir leis/léi rannchuidiú go héifeachtach le bainistiú agus rialú an charthanais.

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Sula gceapfar iontaobhaithe carthanais ionchasacha chuig an mbord iontaobhaithe carthanais, ba cheart don bhord a bhreithniú cé acu ba cheart nó nár cheart iad a chur faoi réir phróiseas grinnfhiosrúcháin an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin. Ní mór do na hiontaobhaithe carthanais atá ann cheana an méid sin a bhreithniú i gcomhthéacs cheanglais na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016, agus, nuair is infheidhme, i gcomhthéacs Bheartais Chosanta agus Ghrinnfhiosrúcháin an charthanais féin.

Srianta dlíthiúla a bhreithniú

Ní bheidh gach duine cáilithe chun gníomhú mar iontaobhaí carthanais. Tá forais ann le duine a dhícháiliú óna bheith ina (h)iontaobhaí carthanais, mar shampla, i gcás:

- go mbreithneofar ina f(h)éimheach é/í;[1]
- go ndéanfaidh sé/sí comhshocraíocht fhoirmiúil dócmhainneachta le Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann, ar comhshocraíocht í atá ceadaithe ag an gcúirt;
- go gciontófar é/í ar díotáil i gcion;
- gur cuideachta é/í atá i gcúrsa a foirceanta.[2]

1 Má urscaoileadh duine ó fhéimheacht, féadfaidh sé/sí an post mar iontaobhaí carthanais a shealbhú.

2 Chun tuilleadh sonraí a fháil agus chun amharc ar liosta iomlán de na forais le duine a dhícháiliú óna bheith ina (h)iontaobhaí carthanais, féach alt 55 den Acht Carthanas 2009.

D'fhéadfadh go mbeadh forais eile ag carthanais áirithe le toirmeasc a chur ar dhuine aonair fónamh mar iontaobhaí carthanais. Bheadh na forais sin leagtha amach i ndoiciméad rialaithe an charthanais.

> Tá sé tábhachtach go gcuirfí na forais sin in iúl d'aon iontaobhaí carthanais ionchasach agus go n-iarrfaí air/uirthi a dheimhniú i scríbhinn nach bhfuil sé/sí dícháilithe. Is iad na hiontaobhaithe carthanais atá ann cheana atá freagrach as a chinntiú go gceaptar iontaobhaithe carthanais ionchasacha de réir dhoiciméad rialaithe an charthanais agus nach bhfuil siad dícháilithe óna bheith ina n-iontaobhaí carthanais faoin Acht Carthanas 2009 nó faoi dhoiciméad rialaithe an charthanais.

I gcás go dteastóidh faisnéis ó iontaobhaí carthanais ionchasach chun cabhrú leis/léi a chinneadh cé acu a rachaidh nó nach rachaidh sé/sí isteach sa bhord iontaobhaithe carthanais, ba cheart do na hiontaobhaithe carthanais atá ann cheana bheith sásta an fhaisnéis chuí ar fad a sholáthar.

Doiciméid Ábhartha Eile

Ba cheart an doiciméad seo a léamh i gcomhar leis na treoirdhoiciméid **'Iontaobhaithe Carthanais Ionchasacha a Earcú agus a Ionduchtú'**, **'Seicliosta don Phaca Ionduchtúcháin'**, **'Treoir d'Iontaobhaithe Carthanais'**, **'Coinbhleachtaí Leasa a Bhainistiú'** agus **'An dearbhú ó iontaobhaí carthanais a bheidh ag gabháil le hiarratas ar chlárú faoi alt 39 den Acht Carthanas 2009'**.